

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1071 ÓN gCOIMISIÚN
an 1 Meitheamh 2023**

lena leasáitear Iarscríbhinní áirithe a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 maidir le formheas nó aistarraingt an stádais saor ó ghalair atá ag Ballstát áirithe nó criosanna nó deighleoga díobh a mhéid a bhaineann le galair liostaithe áirithe agus formheas clár díothaithe le haghaidh galair liostaithe áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaímint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasáitear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (¹), agus go háirithe Airteagal 31(3) agus 36(4) agus Airteagal 42(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2016/429 rialacha sonracha ó thaobh galair de maidir leis na galair a liostáitear i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de agus leagtar síos freisin an chaoi a bhfuil na rialacha sin le cur i bhfeidhm maidir le catagóirí éagsúla galar liostaithe. Déantar foráil i Rialachán (AE) 2016/429 go mbunóidh na Ballstát cláir dhíothaithe éigeantacha le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (b), de, agus déantar foráil ann maidir le cláir dhíothaithe roghnacha le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (c), de, agus maidir le formheas na gclár sin ag an gCoimisiún. Foráiltear leis an Rialachán sin freisin maidir leis an bhformheas nó an aistarraingt a dhéanfaidh an Coimisiún ar stádas saor ó ghalair Ballstát nó criosanna nó deighleog díobh a mhéid a bhaineann le galair liostaithe áirithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (b) agus (c), de.
- (2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún (²) déantar forlónadh ar Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos na critéir maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú, a choinneáil, a chur ar fionraí agus a aistarraingt i gcás Ballstát nó criosanna nó deighleog díobh, agus na ceanglais maidir le formheas clár díothaithe éigeantach nó roghnach le haghaidh Ballstát nó criosanna nó deighleog díobh.
- (3) I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún (³), leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/429, maidir le hainmhithe, a mhéid a bhaineann le stádas saor ó ghalair agus neamh-vacsáinthe Ballstát áirithe nó criosanna nó deighleoga díobh, agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin. Go háirithe, liostaítear ann sna hIarscríbhinní a ghabhann leis, na Ballstát nó na criosanna nó deighleoga díobh a bhfuil stádas saor ó ghalair acu agus liostaítear ann freisin na cláir dhíothaithe éigeantacha nó roghnacha atá ann cheana. De thoradh na staide eipidéimeolaíche maidir le galair áirithe a bheith ag athrú, is gá Iarscríbhinní áirithe a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a leasú chun Ballstát nua nó criosanna díobh atá saor ó ghalair a liostú agus chun criosanna ina ndeimhnítear ráigeanna galair nó nach bhfuil na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair a choinneáil ar bun á gcomhlíonadh iontu a thuilleadh a scriosadh ó na liostaí, agus cláir dhíothaithe éigeantacha nó roghnacha áirithe arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin a fhormheas.

(¹) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

(²) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaímint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair i gcás galair áirithe atá liostaithe agus atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).

(³) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaímint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formheas an stádais saor ó ghalair agus an stádais neamh-vacsáinthe atá ag Ballstát áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin (IO L 131, 16.4.2021, lch. 78).

- (4) Maidir le hionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis*, ionfhabhtú le coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (*Mycobacterium bovis*, *M. caprae* agus *M. tuberculosis*) (MTBC), ionfhabhtú le víreas an chonfaidh (RABV), liúcóis bhuaiibheach eansótach (LBE), rineatraicéiteas tógálach buaiibheach/bált-fhaighníteas puchóideach ionfhabhtaíoch (IBR/IPV), ionfhabhtú le víreas ghalar Aujeszky (ADV), buinneach víreasach bhuaiibheach (BVB) agus ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) (BTV), tá iarratas curtha isteach ag roinnt Ballstát chuig an gCoimisiún le déanaí maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú orthu nó clár dhíothaithe éigeantacha nó roghnacha a fhormheas le haghaidh criosanna áirithe dá gríoch. Thug roinnt Ballstát fógra freisin faoi ráigeanna d'ionfhabhtú le RABV agus BTV, ráigeanna nach mó a chur in iúl in Iarscríbhinní áirithe a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620.
- (5) Maidir le hionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* i mbó-ainmhithe, chuir an Iodáil agus an Phortaingéil faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair a aithint, coinníollacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, i gCúige Matera i Réigiún Basilicata, agus i réigiún Santarem agus Setubali, faoi seach. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiriódh go gcomhlónann na hiarratais sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú. Dá bhrí sin, ba cheart na criosanna sin a liostú mar chriosanna saor ó *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* i mbó-ainmhithe i gCuid I, Caibidil 1, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620.
- (6) Maidir le hionfhabhtú le *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* in ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair, chuir an Fhrainc agus an Iodáil faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair a aithint, coinníollacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, i réigiún thar lear Guyane, Guadeloupe, Martinique, Mayotte agus Réunion, agus i gCúigí Napoli agus Salerno i réigiún Campania, faoi seach. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiriódh go gcomhlónann na hiarratais sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú. Dá bhrí sin, ba cheart na criosanna sin a liostú mar chrios saor ó *Brucella abortus*, *B. melitensis* agus *B. suis* in ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair i gCuid I, Caibidil 2, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620.
- (7) Maidir le hionfhabhtú le MTBC, chuir an Iodáil agus an Spáinn faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair a aithint i leith ionfhabhtú le MTBC, ar coinníollacha iad a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, i gcúige Catanzaro i réigiún Calabria, i gcúige Napoli i réigiún Campania, i gcúigí Barletta-Andria-Trani, Brindisi agus Lecce i réigiún Puglia, i gcúige Nord Est Sardégna i réigiún Sardinia, agus i gcúigí Burgos, León agus Valladolid i gComphphobal Féinrialaitheach Castilla y León, faoi seach. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiriódh go gcomhlónann na hiarratais sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú i leith ionfhabhtú le MTBC. Dá bhrí sin, ba cheart na criosanna sin a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar chriosanna a bhfuil stádas saor ó ghalair acu i leith ionfhabhtú le MTBC.
- (8) Maidir le LBE, chuir an Phortaingéil faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair a aithint i leith LBE i gceantar Porto, ar coinníollacha iad a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiriódh go gcomhlónann an t-iarratas sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú i leith LBE. Dá bhrí sin, ba cheart an chrios sin a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar chrios a bhfuil stádas saor ó ghalair aige i leith LBE.
- (9) Maidir le IBR/IPV, tá iarratas curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an tSlóvaic chun clár díothaithe roghnach a fhormheas le haghaidh crios a chuimsíonn réigiún na Bratasláive, Košice, Prešov, Trnava agus Žilina. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiriódh go gcomhlónann an t-iarratas sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 2, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le clár dhíothaithe le haghaidh IBR/IPV a fhormheas. Dá bhrí sin, ba cheart an chrios sin a liostú i gCuid II d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar chrios a bhfuil clár díothaithe formheasta aige le haghaidh IBR/IPV.

- (10) Maidir le hionfhabhtú le ADV, chuir an Pholainn faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair a aithint i leith ionfhabhtú le ADV a liostaítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 le haghaidh na réigiún uile a liostaítear faoi láthair i gCuid II d'larscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 mar réigiún a bhfuil clár dhíothaithe fhormheasta acu. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann an t-iarratas sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú i leith ionfhabhtú le ADV. Dá bhrí sin, ba cheart na criossanna sin a liostú i gCuid I d'larscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar chriosanna a bhfuil stádas saor ó ghalair acu i leith ionfhabhtú le ADV.
- (11) Maidir le BVD, chuir an Ghearmáin faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair a aithint i leith BVD, ar coinníollacha iad a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, i réigiún Augsburg agus Ostallgäu in Regierungsbezirk Schwaben, i stát na Baváire. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann an t-iarratas sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú i leith BVD. Dá bhrí sin, ba cheart na criossanna sin a liostú i gCuid I d'larscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar chriosanna ag a bhfuil stádas saor ó ghalair i leith BVD.
- (12) Maidir le BVD, chuir an Ghearmáin an Coimisiún ar an eolas freisin gur cheart criossanna Regierungbezirk Oberfranken, Regierungsbezirk Oberpfalz, Regierungsbezirk Mittelfranken agus Regierungsbezirk Unterfranken i stát na Baváire a liostaítear i gCuid I d'larscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 mar chriosanna a bhfuil stádas saor ó ghalair acu i leith BVD a thabhairt cothrom le dáta. Tá críoch iomlán na gcriossanna sin saor ó BVD, seachas Regierungsbezirk Niederbayern, áit a bhfuil BVD fós i gcodanna áirithe de na críocha sin. Dá bhrí sin, ní gá trácht ar na heintitis níos lú amhail cathracha agus 'Landkreise' a liostaítear faoi Regierungsbezirk Oberfranken, Regierungsbezirk Oberpfalz, Regierungsbezirk Mittelfranken agus Regierungsbezirk Unterfranken, ar cheart iad a scriosadh. Ba cheart Iarscríbhinn VII, Cuid I, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a leasú dá réir.
- (13) Thug an tSlóvaic fógra don Choimisiún faoi ráigeanna éagsúla d'ionfhabhtú le RABV a dhéanann difear do réigiún Humenné, Medzilaborce, Snina, Stropkov, Svidník agus Vranov nad Toplou in kraj Prešovský agus réigiún Michalovce, Sobrance agus Trebišov in kraj Košický. Ós rud é go bhfuil stádas saor ó ghalair i leith ionfhabhtú le RABV ag críoch iomlán na Slóvaice, agus go liostaítear í i gCuid I d'larscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, ba cheart a stádas saor ó ghalair maidir leis na réigiún sin a aistarraingt, agus ba cheart an iontráil a bhaineann leis an tSlóvaic sa liosta sin a leasú dá réir.
- (14) Maidir le hionfhabhtú le RABV, tá iarratas curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag an tSlóvaic freisin chun clár díothaithe éigeantach a fhormheas le haghaidh crios a chuimsíonn réigiún Humenné, Medzilaborce, Snina, Stropkov, Svidník agus Vranov nad Toplou in kraj Prešovský agus réigiún Michalovce, Sobrance agus Trebišov in kraj Košický. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann an t-iarratas sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 2, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le clár dhíothaithe le haghaidh ionfhabhtú le RABV a fhormheas. Dá bhrí sin, ba cheart an crios sin a liostú i gCuid II d'larscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar chrios a bhfuil clár díothaithe formheasta aige le haghaidh ionfhabhtú le RABV.
- (15) A mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le BTV, chuir an Bheilg agus an Ghearmáin faisnéis faoi bhráid an Choimisiúin lena léirítear go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le stádas saor ó ghalair a aithint i leith ionfhabhtú le BTV i gcríoch iomlán na Beilge agus i gceantair Bernkastel-Wittlich, Eifelkreis Bitburg-Prüm, Trier, Trier-Saarburg agus Vulkaneifel i stát Rhineland-Palatinate laistigh den stát cónaidhme sin, faoi seach. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, léiríodh go gcomhlíonann na hiarratais sin na critéir a leagtar síos i gCuid II, Caibidil 4, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú i leith ionfhabhtú le BTV. Dá bhrí sin, ba cheart an Bheilg a liostú, agus ba cheart an crios sin i stát Rhineland-Palatinate a chur le críoch na Gearmáine, críoch a liostaítear cheana mar chrios atá saor ó ionfhabhtú le BTV, i gCuid I d'larscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 mar chrios a bhfuil stádas saor ó ghalair aige i leith ionfhabhtú BTV aige.
- (16) Thug an Spáinn fógra don Choimisiún faoi ráigeanna d'ionfhabhtú le BTV séiritíopa 4 i gcuigí Ourense agus Pontevedra i bpobal Féinrialaitheach na Gailíse, rud a dhéanann difear freisin do na ceantair máguaird Sarria, Chantada agus Terra de Lemos-Quiroga i gcuigí Lugo, chomh maith le ceantair Alcañices agus Puebla de Sanabria i gcuigí Zamora i gComphobal Féinrialaitheach Castilla y León. Ós rud é go bhfuil stádas saor ó ghalair ag na limistéir sin, agus go liostaítear iad i gCuid I d'larscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, ba cheart a stádas saor ó ghalair i leith ionfhabhtú le BTV a aistarraingt, agus ba cheart an iontráil a bhaineann leis an Spáinn sa liosta sin a leasú dá réir.

- (17) A mhéid a bhaineann le hionfhabhtú le BTV, chuir an Spáinn an Coimisiún ar an eolas freisin gur chuir sí le raon feidhme críochach an chláir díothaithe roghnaigh a formheasadh cheana féin le haghaidh an chreasa a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 trí chrios a chur leis a chuimsíonn cùigí Ourense agus Pontevedra, roinnt ceantar i gcúige Lugo i gComhphobal Féinrialaitheach na Gailísé, roinnt ceantar i gcúige Toledo i gComhphobal Féinrialaitheach Castilla-La Mancha, cùige Salamanca, roinnt ceantar i gcúigí Avila agus Zamora i gComhphobal Féinrialaitheach Castilla y Leon agus roinnt ceantar i gComhphobal Féinrialaitheach Mhaidrid. Dá bhrí sin, ba cheart an chrios sin a chur leis an iontráil a bhaineann leis an Spáinn i gCuid II d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, mar chrios a bhfuil clár díothaithe formheasta aige le haghaidh ionfhabhtú le BTV.
- (18) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní I go VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a leasú dá réir.
- (19) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuánchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní I go VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infsheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 1 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní I go VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) i gCuid I, leasaítear Caibidil 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iodáil:

Ballstát	Críoch
‘An Iodáil	Regione Abruzzo: Provincia di Pescara, Teramo Regione Basilicata: Provincia di Matera Regione Calabria: Provincia di Vibo Valentia Regione Campania: Provincia di Avellino, Benevento, Napoli Regione Emilia-Romagna Regione Friuli Venezia Giulia Regione Lazio Regione Liguria Regione Lombardia Regione Marche Regione Molise: Provincia di Campobasso Regione Piemonte Regione Puglia: Province di Bari, Barletta-Andria-Trani, Brindisi, Lecce Regione Sardegna Regione Toscana Regione Trentino – Alto Adige Regione Umbria Regione Valle d’Aosta Regione Veneto’

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bPortaingéil:

Ballstát	Críoch
‘An Phortaingéil	Distritos Aveiro, Castelo Branco, Coimbra, Faro, Guarda, Leiria, Santarem, Setubal, Viseu Região Autónoma dos Açores: Ilhas de Corvo, Faial, Flores, Graciosa, Pico, São Jorge, Santa Maria, Terceira’

(b) i gCuid I, leasaítear Caibidil 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bhFrainc:

Ballstát	Críoch
‘An Fhrainc	Críoch iomlán’

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iodáil:

Ballstát	Críoch
‘An Iodáil	Regione Abruzzo Regione Calabria: Province di Catanzaro, Cosenza Regione Campania: Provincia di Benevento, Napoli, Salerno Regione Emilia-Romagna Regione Friuli Venezia Giulia Regione Lazio Regione Liguria Regione Lombardia Regione Marche Regione Molise

	Regione Piemonte Regione Puglia: Province di Bari, Barletta-Andria-Trani, Brindisi, Lecce, Taranto Regione Sardegna Regione Toscana Regione Trentino – Alto Adige Regione Umbria Regione Valle d'Aosta Regione Veneto'
--	---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

(c) i gCuid II, leasaítear Caibidil 1 mar a leanas:

(i) curtpear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iodáil:

Ballstát	Críoch
'An Iodáil	Regione Abruzzo: Provincia dell'Aquila, di Chieti Regione Basilicata: Provincia di Potenza Regione Calabria: Provincia di Catanzaro, Cosenza, Crotone, Reggio Calabria Regione Campania: Provincia di Caserta, Salerno Regione Molise: Provincia di Isernia Regione Puglia: Provincia di Foggia, Taranto Regione Sicilia'

(ii) curtpear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bPortaingéil:

Ballstát	Críoch
'An Phortaingéil	Distritos Beja, Braga, Braganca, Evora, Lisboa, Portalegre, Porto, Viana do Castelo, Vila Real Região Autónoma da Madeira Região Autónoma dos Açores: Ilha de São Miguel'

(d) i gCuid II, i gCaibidil 2, curtpear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iodáil:

Ballstát	Críoch
'An Iodáil	Regione Basilicata Regione Calabria: Provincia di Crotone, Reggio Calabria, Vibo Valentia Regione Campania: Provincia di Caserta, Avellino Regione Puglia: Provincia di Foggia Regione Sicilia'

(2) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) leasaítear Cuid I mar a leanas:

(i) curtpear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iodáil:

Ballstát	Críoch
'An Iodáil	Regione Abruzzo Regione Basilicata: Provincia di Matera Regione Calabria: Provincia di Catanzaro Regione Campania: Provincia di Napoli Regione Emilia-Romagna

	<p>Regione Friuli Venezia Giulia Regione Lazio: Provincia di Frosinone, Latina, Rieti, Viterbo Regione Liguria Regione Lombardia Regione Marche: Provincia di Ancona, Ascoli Piceno, Fermo, Pesaro-Urbino Regione Molise Regione Piemonte Regione Puglia: Provincia di Bari, Barletta-Andria-Trani, Brindisi, Lecce, Taranto Regione Sardegna: Città metropolitana di Cagliari, Provincia di Medio Campidano, Nord Est Sardegna, Nuoro, Ogliastra, Oristano, Sulcis Iglesiente Regione Toscana Regione Trentino – Alto Adige Regione Umbria Regione Valle d'Aosta Regione Veneto'</p>
--	------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Spáinn:

Ballstát	Críoch
‘An Spáinn	<p>Comunidad Autónoma de Canarias Comunidad Autónoma de Castilla y León: Cúigí Burgos, León, Valladolid Comunidad Autónoma de Cataluña Comunidad Autónoma de Galicia Comunidad Autónoma de Islas Baleares Comunidad Autónoma de Murcia Comunidad Autónoma del País Vasco Comunidad Autónoma del Principado de Asturias’</p>

(b) leasaítear Cuid II mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iodáil:

Ballstát	Críoch
‘An Iodáil	<p>Regione Basilicata: Provincia di Potenza Regione Calabria: Provincia di Cosenza, Crotone, Reggio Calabria, Vibo Valentia Regione Campania: Provincia d'Avellino, Caserta, Benevento, Salerno Regione Lazio: Provincia di Roma Regione Marche: Provincia di Macerata Regione Puglia: Provincia di Foggia Regione Sardegna: Città metropolitana di Sassari Regione Sicilia’</p>

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Spáinn:

Ballstát	Críoch
‘An Spáinn	<p>Comunidad Autónoma de Andalucía Comunidad Autónoma de Aragón Comunidad Autónoma de Cantabria Comunidad Autónoma de Castilla-La Mancha Comunidad Autónoma de Castilla y León: Cúigí Ávila, Palencia, Salamanca, Segovia, Soria, Zamora</p>

	Comunidad Autónoma de Extremadura Comunidad Autónoma de La Rioja Comunidad Autónoma de Madrid Comunidad Autónoma de Navarra Comunidad Autónoma de Valencia'
--	-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

(3) leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

- (a) i gCuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an tSlóvaic:

Ballstát	Críoch
'An tSlóvaic	Críoch iomlán, seachas na réigiúin seo a leanas: Humenné, Medzilaborce, Snina, Stropkov, Svidník, Vranov nad Topľou in kraj Prešovský Michalovce, Sobrance, Trebišov in kraj Košický'

- (b) i gCuid II, cuirtear an iontráil seo a leanas a bhaineann leis an tSlóvaic isteach i ndiaidh na hiontrála a bhaineann leis an Rómáin:

Ballstát	Críoch
'An tSlóvaic	Region Humenné, Medzilaborce, Snina, Stropkov, Svidník, Vranov nad Topľou in kraj Prešovský Region Michalovce, Sobrance, Trebišov in kraj Košický'

(4) in Iarscríbhinn IV, i gCuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bPortaingéil:

Ballstát	Críoch
'An Phortaingéil	Críoch iomlán, seachas Região Autónoma da Madeira'

(5) in Iarscríbhinn V, i gCuid II, cuirtear an iontráil seo a leanas a bhaineann leis an tSlóvaic isteach i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le Luksamburg:

Ballstát	Críoch	Dáta an fhormheasa tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 15, pointe 2, de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689
'An tSlóvaic	Kraj Bratislava Kraj Košice Kraj Prešov Kraj Trnava Kraj Žilina	an 5 Meitheamh 2023'

(6) leasaítear Iarscríbhinn VI mar a leanas

- (a) i gCuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bPolainn:

Ballstát	Críoch
'An Pholainn	Críoch iomlán'

- (b) i gCuid II, scriostar an iontráil a bhaineann leis an bPolainn;

(7) leasaítear Iarscríbhinn VII mar a leanas:

(a) i gCuid I, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an nGearmáin:

Ballstát	Críoch
'An Ghearmáin	Bundesland Baden-Württemberg Bundesland Bayern: Regierungsbezirk Oberbayern Na cathracha agus Landkreise seo a leanas in Regierungsbezirk Niederbayern: Stadt Landshut, Stadt Passau, Stadt Straubing, Freyung-Grafenau, Kelheim, Lkr. Landshut, Lkr. Passau, Regen, Rottal-Inn, Lkr. Straubing-Bogen, Regierungsbezirk Mittelfranken Regierungsbezirk Oberfranken Regierungsbezirk Oberpfalz Regierungsbezirk Unterfranken Regierungsbezirk Schwaben Bundesland Brandenburg Bundesland Bremen Bundesland Hamburg Bundesland Hessen Bundesland Mecklenburg-Vorpommern Bundesland Rheinland-Pfalz Bundesland Saarland Bundesland Sachsen Bundesland Sachsen-Anhalt Bundesland Thüringen'

(b) i gCuid II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an nGearmáin:

Ballstát	Críoch	Dáta an fhormheasa tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán Tarmhligthe (AE) 2020/689
'An Ghearmáin	Bundesland Bayern: Na cathracha agus Landkreise seo a leanas in Regierungsbezirk Niederbayern: Deggendorf, Dingolfing-Landau Bundesland Berlin Bundesland Niedersachsen Bundesland Nordrhein-Westfalen Bundesland Schleswig-Holstein	21 Feabhra 2022'

(8) leasaítear Iarscríbhinn VIII mar a leanas:

(a) leasaítear Cuid I mar a leanas:

(i) cuirtear an iontráil seo a leanas a bhaineann leis an mBeilg isteach roimh an iontráil a bhaineann leis an tSeicia:

Ballstát	Críoch
'An Bheilg	Críoch iomlán'

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an nGearmáin:

Ballstát	Críoch
'An Ghearmáin	Críoch iomlán'

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Spáinn:

Ballstát	Críoch
‘An Spáinn	<p>Comunidad Autónoma de Andalucía: Cúige Almería Cúige Granada, na ceantair seo a leanas: Alhama de Granada (Alhama/Temple), Baza (Altiplanicie Sur), Guadix (Hoya-Altiplanicie de Guadix), Huescar (Altiplanicie Norte), Iznalloz (Montes Orientales), Loja (Vega/Montes Occ.), Orgiva (Alpujarra/Valle de Lecrin), Santa Fe (Vega de Granada)</p> <p>Comunidad Autónoma de Aragón</p> <p>Comunidad Autónoma de Asturias</p> <p>Comunidad Autónoma de Canarias Comunidad Autónoma de Cantabria</p> <p>Comunidad Autónoma de Castilla-La Mancha, seachas na ceantair seo a leanas: Almadén, Almodóvar del Campo, Piedrabuena i gCúige Ciudad Real Belvís de la Jara, Gálvez, Los Navalmorales, Oropesa, Talavera de la Reina, Toledo, Torrijos i gCúige Toledo</p> <p>Comunidad Autónoma de Castilla y León, seachas na limistéir seo a leanas: Cúige Salamanca Ávila, Arenas de San Pedro, Candeleda, Cebrero, El Barco de Ávila, El Barraco, Navalengua, Navarredonda de Gredos, Piedrahíta, San Pedro del Arroyo, Sotillo de la Adrada i gCúige Ávila Alcañices, Bermillo de Sayago, Puebla de Sanabria i gCúige Zamora</p> <p>Comunidad Autónoma de Cataluña</p> <p>Comunidad Autónoma de Galicia, seachas na limistéir seo a leanas: Cúige Orense Cúige Pontevedra Sarria, Chantada agus Terra de Lemos-Quiroga i gCúige Lugo</p> <p>Comunidad Autónoma de La Rioja</p> <p>Comunidad Autónoma de Madrid, seachas na ceantair seo a leanas: Navalcarnero, San Martín de Valdeiglesias</p> <p>Comunidad Autónoma de Murcia</p> <p>Comunidad Autónoma de Navarra</p> <p>Comunidad Autónoma de País Vasco</p> <p>Comunidad Autónoma de Valencia’</p>

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid II:

‘CUID II

Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú le BTV

Ballstát	Críoch	Dáta an fhormheasa tosaigh dá dtagraítear in Aireagal 15(2) de Rialachán Tarmhígthe (AE) 2020/689
An Spáinn	Comunidad Autónoma de Andalucía: Cúigí Cádiz, Córdoba, Huelva, Jaén, Málaga, Sevilla Cúige Granada: Motril (Costa de Granada) Comunidad Autónoma de Castilla-La Mancha:	21 Feabhra 2022'

	<p>Cúige Ciudad Real, na ceantair seo a leanas: Almadén, Almodóvar del Campo agus Piedrabuena</p> <p>Cúige Toledo, na ceantair seo a leanas: Belvis de la Jara, Gálvez, Los Navalmorales, Oropesa, Talavera de la Reina, Toledo, Torrijos</p> <p>Comunidad Autónoma de Castilla y León:</p> <p>Cúige Salamanca</p> <p>Cúige Ávila, na ceantair seo a leanas: Ávila, Arenas de San Pedro, Candeleda, Cebrero, El Barco de Ávila, El Barraco, Navalengua, Navarredonda de Gredos, Piedrahíta, San Pedro del Arroyo, Sotillo de la Adrada</p> <p>Cúige Zamora, na ceantair seo a leanas: Alcañices, Bermillo de Sayago Puebla de Sanabria</p> <p>Comunidad Autónoma de Extremadura</p> <p>Comunidad Autónoma de Galicia:</p> <p>Cúige Orense</p> <p>Cúige Pontevedra</p> <p>Sarria, Chantada agus Terra de Lemos-Quiroga i gCúige Lugo</p> <p>Comunidad Autónoma de Islas Baleares</p> <p>Comunidad Autónoma de Madrid, na ceantair seo a leanas: Navalcarnero, San Martín de Valdeiglesias</p>	
--	----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------	--